TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)

Treoirbhileog 2

ÁISEANNA, LEIDEANNA AGUS TEACHTAIREACHTAÍ AMHAIRC

Bíonn deacracht ag go leor daltaí treoracha ó bhéal a leanúint nó cuimhneamh ar imeachtaí / rudaí a pléadh. Bíonn deacracht ag roinnt daltaí freisin iad féin a iompar go cuí. Bealach amháin is féidir tacú le daltaí lena gcuid foghlama agus a gcuid iompair ná áiseanna, leideanna agus teachtaireachtaí amhairc a úsáid. Seo roinnt moltaí:

1. Tabhair tráthchlár amhairc don dalta (féach Treoirbhileog 16: *Tráthchláir).*
2. Úsáid an clár dubh / clár bán chun na topaicí atá á bplé i gceacht a thaispeáint - is féidir leis a bheith i bhformáid scríofa nó i bhfoirm léaráidí nó trí mheabhairmhapaí / mapaí coincheapa a úsáid.
3. Úsáid fáisc-ealaín agus íomhánna ón idirlíon agus pacáistí bogearraí chun beocht a chur i bpóstaeir, teachtaireachtaí, (m.sh. 'smaoineamh na seachtaine'), nótaí don bhaile, meabhrúcháin maidir le rialacha srl
4. Úsáid bogearraí mapála-coincheapa (cosúil leis an sampla seo ó Kidspiration / Inspiration) chun cabhrú le daltaí tuiscint a fháil ar choincheapa agus ar ábhar.
5. Tabhair meabhrúchán amhairc den ábhar / téacsleabhar / leathanach trína scríobh ar an gclár dubh / gclár bán.
6. Cuir rialacha ranga / comhaontú maidir le hiompar ranga i láthair (Treoirbhileog 12) i bhformáid scríofa agus grafaice. Úsáid grianghraif de na daltaí le léiriú go bhfuil siad ag comhlíonadh na rialacha agus na ngnáthnós oibre i gceart.
7. Cabhraigh agus spreag na daltaí chun áiseanna amhairc agus leideanna amhairc a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus chun a gcuid oibre a chur i láthair.
8. I gcás dalta atá in ann a bheith an-ríogach, cruthaigh cárta simplí don deasc nó bosca peann luaidhe mar seo: